



Sábháilteacht Uisce

Eochairfhocail: mana, sábháilteacht, ceardlann, eolach, farraige, dainséarach

Príomhscileanna: éisteacht, léitheoireacht, scríbhneoireacht

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:

1. Cén t-imeacht ar ghlac na daltaí scoile páirt inti an tseachtain seo?
2. Cad a d'fhoghlaim Ellie ón gceardlann?
3. Cén chomhairle atá ag Oscar ar pháistí na tíre?
4. Cathain a théann páistí scoil Ronan ag snámh?
5. Cén mana atá ag Sábháilteacht Uisce na hÉireann?





Sábháilteacht Uisce

Anois, tar éis duit breathnú ar an mír sin an féidir leat tabhairt faoin léamhthuiscint seo?

Seachtain Feasachta um Shábháilteacht Uisce

Eagraíonn Sábháilteacht Uisce na hÉireann seachtain feasachta um shábháilteacht uisce gach bliain. I mbliana, tá sé ar siúl idir an 19 agus an 24 Bealtaine. Is í an aidhm a bhaineann leis an tseachtain ná daoine a chur ar an eolas faoin mbaol a bhaineann leis an uisce. Is nithe iontacha iad an fharraige agus na lochanna agus ba cheart do dhaoine sult a bhaint astu ach ag an am céanna tá sé fíorthábhachtach ar fad go mbeadh daoine eolach ar na contúirtí a bhaineann leis an uisce. Eagraíonn Sábháilteacht Uisce na hÉireann neart imeachtaí cosúil le ranganna agus ceardlanna i scoileanna timpeall na tíre le cabhrú le páistí na hÉireann conas taitneamh ceart a bhaint as an uisce. Nach iontach go deo an feachtas seachtain feasachta um shábháilteacht uisce.

1. Cad a eagraíonn Sábháilteacht Uisce na hÉireann gach bliain?
2. Cathain a bhí sí ar siúl i mbliana?
3. Cén aidhm a bhaineann leis an tseachtain?
4. Ar cheart do dhaoine taitneamh a bhaint as an uisce, dar le Sábháilteacht Uisce na hÉireann?
5. Ainmnigh dhá shaghas imeachta a eagraíonn Sábháilteacht Uisce na hÉireann i rith na seachtaine.
6. An dtaitníonn an t-uisce leat? Cén fáth?

An féidir leat anois trí ainmfhocal a aimsiú sa léamhthuiscint agus iad a chur in abairtí?

1. _____
2. _____
3. _____

Sábháilteacht Uisce



Freagraí:

1. Rang agus ceardlann snámha/ceardlann ar shábháilteacht uisce
2. Conas a bheith sábháilte san uisce go háirithe agus í ag súgradh san uisce.
3. Go mbeadh gach duine sa tír eolach ar an gceardlann seo agus go n-éistfeadh gach duine leis an ngarda tarrthála/ daoine fásta
4. Gach Céadaoin
5. Bain sult as an uisce ach bíodh meas agat ar an mbaol

1. Eagraíonn siad seachtain feasachta um shábháilteacht uisce gach bliain
2. Bhí sí ar siúl idir an 19 agus an 24 Bealtaine i mbliana
3. Daoine a chur ar an eolas faoin mbaol a bhaineann leis an uisce
4. Cinnte, ba cheart, ach a bheith cúramach
5. Ranganna agus ceardlanna

